C/2025/2626

7.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11983 — INFLEXION / 65 EQUITY PARTNERS / KEE SAFETY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2626)

1. An 25 Aibreán 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Inflexion privaty Equity Partners LLP ('Inflexion', an Ríocht Aontaithe),

— 65 Equity Partners Pte. Ltd. ('65EP', Singeapór) faoi rialú deiridh Temasek Holdings (Private) Limited (Singeapór),

— KEE Safety Group ('Kee Safety', an Ríocht Aontaithe) faoi rialú deiridh Intermediate Capital Group PLC ('ICG', an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Inflexion agus 65EP rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Kee Safety ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é 65EP atá lonnaithe i Singeapór agus a fhéachann le tacú le bunaitheoirí ina n-aistear chun fáis. Déanann 65EP infheistíocht i ngnólachtaí meánmhargaidh seanbhunaithe atá faoi úinéireacht teaghlaigh agus faoi stiúir fiontraithe san Áise Thoir Theas, san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe, ar fud na n-earnálacha tomhaltóirí, tionsclaíochta, seirbhísí gnó, cúraim sláinte agus teicneolaíochta,

— Is cuideachta cothromais phríobháidigh meánmhargaidh é Inlexion atá lonnaithe sa Riocht Aontaithe, a infheistíonn i ngnóthlachtaí ardfháis seanbhunaithe le haghaidh leas mionlaigh nó tromlaigh agus a bhfuil sócmhainní faoi bhainistíocht dar luach thart ar GBP 11 bhilliún agus a bhfuil infheistíochtaí díreacha nó indíreacha in thart ar 58 ngnólacht atá gníomhach sna réimsí seo a leanas: seirbhísí gnó, tomhaltóirí, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte agus oideachas, tionsclaíocht agus teicneolaíocht,

— Is cuideachta é Kee Safety atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe agus a dhéanann trealamh cosanta ar thitim agus trealamh rochtana sábháilte a fhorbairt, a mhonarú, a dháileadh, a shuiteáil agus a sheirbhísiú ar fud an domhain.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11983 — INFLEXION / 65 EQUITY PARTNERS / KEE SAFETY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË